

Léargais OCAAG: Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe

Meán Fómhair 2020

Forbraíodh an nóta treorach seo do choistí iniúchta agus don bhainistíocht chun cabhrú leo agus tionchar na héigeandála sláinte poiblí ar thimpeallacht rialaithe an aonáin á mheas mar chuid dá gcuid oibre faoi na ceanglais rialachais chorporáidigh is infheidhme.

Léargais OCAG: Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe

AI1

Meán Fómhair 2020

Bhí tionchar suntasach ag teacht na paindéime COVID 19 ó thús 2020 ar oibriú an ghnó poiblí agus ar airgeadas an phobail. Mar thoradh ar chomhairle sláinte poiblí agus ar bhearta sábháilteachta tá athruithe bunúsacha agus sciobtha tagtha ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus tá cianobair mar ghnáthnós anois d'fhormhór na n-eintiteas. Chuaigh gníomhaíochtaí nua, ath-tosaíochtú oibre agus brú chun seirbhísí a sholáthar i bhfeidhm ar oibríochtaí agus ar bhail foirne an chuid is mó d'eintitis. Cruthaíonn an timpeallacht nua seo roinnt dúshlán d'eintitis maidir le rialuithe inmheánacha éifeachtacha a chothabháil.

Leagann na ceanglais rialachais chorparáidigh is infheidhme amach na freagrachtaí atá ann do bhoird, do choistí iniúchta agus do bhainistíocht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh agus le tuairisciú poiblí ar rialuithe. Déanann an t-iniúchóir seachtrach athbhreithniú ar ráiteas an eintitis ar rialú inmheánach i gcomhthéacs an iniúchta airgeadais bhliantúil. Dá bhrí sin, beidh suim ag an iniúchóir seachtrach i dtuiscint a fháil ar an gcaoi a d'fhreagair coistí bainistíochta agus iniúchta do na dúshláin agus do na rioscaí atá ann don eintiteas sa timpeallacht nua.

Tá faisnéis tugtha sa treoir seo a bheidh úsáideach do choistí bainistíochta agus iniúchta agus iad ag machnamh ar thionchar na héigeandála sláinte ar thimpeallacht rialaithe an eintitis agus ar roinnt saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith úsáideach dóibh agus iad ag plé leis an iniúchóir seachtrach le linn an phróisis iniúchta bhliantúil.

Léargais Iniúchta

Tá an treoir seo mar chuid de chlár oibre chun deiseanna do chomhlachtaí a aithint agus a roinnt trí fhaisnéis a thabhairt ar cheisteanna coitianta a fheictear arís agus arís chomh maith le samplaí ar dhea-chleachtais, a aithnítear iad trínár n-obair iniúchta agus tuairiscithe airgeadais.

Rioscaí a eascraíonn as athruithe ar chórais rialaithe

Sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*¹ (an Cód) a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagtar amach na heilimintí atá mar bhonn agus mar thaca le córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh eadhon

- timpeallacht rialaithe iomchuí
- an próiseas chun rioscaí gnó a aithint agus a n-impleachtaí airgeadais a mheas
- na mórchórais faisnéise agus chumarsáide
- gníomhaíochtaí agus nósanna imeachta rialaithe a thugann aghaidh ar na rioscaí móra
- nósanna imeachta monatóireachta agus maoirseachta chun éifeachtacht na rialuithe a chinntiú.

De réir an Chóid, éilítear ar bhoird athbheithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh gach bliain agus tuairisc thabhairt ar an gcóras i ráiteas ar rialú inmheánach a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tacaíonn coistí bainistíochta agus iniúchta² leis an mbord nuair a chomhlíonann sé an fhreagracht seo.

Sa timpeallacht nua, is dóigh go bhfuil athruithe tagtha ar chodanna éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh, agus tá sé tábhachtach go dtuigfeadh coistí bainistíochta agus iniúchta tionchar na n-athruithe sin agus éifeachtacht na rialuithe á meas.

An timpeallacht rialaithe

Is dóigh go mbeidh an timpeallacht rialaithe difriúil sa mhéid is go bhfuil beagnach gach eintiteas tar éis an bealach ina bhfeidhmíonn siad a athrú agus mar gheall air sin bhí tionchar aige sin ar a bpróisis mhaoirseachta agus ar a nósanna imeachta rialaithe. D'fhéadfadh rioscaí breise a bheith ann mar thoradh ar na hathruithe seo mar shampla rioscaí earráidí airgeadais nó rioscaí calaoise. Tá an chaoi léirigh an bhainistíocht teachtaireacht oiriúnach ceannaireachta agus eiticíúil toisc go bhféadfadh iarmhairtí níos suntasaí eascairt as aon laigi sa timpeallacht rialaithe (e.g. sárú bainistíochta) nuair a oibríonn baill foirne i dtimpeallacht chianoibre nó dháilte.

I measc na gcineálacha ceistanna a d'fhéadfadh coistí iniúchta a ardú leis an mbainistíocht tá

- Cérbh iad na príomhtheachtaireachtaí ón mbainistíocht don fhoireann maidir le rialuithe airgeadais agus le chomhlíonadh chleachtais na hearnála poiblí a choinneáil?

¹ Féadfaidh ceanglais chomhchosúla nó cóid rialachais a bheith i bhfeidhm i gcodanna éagsúla den earnáil phoiblí amhail ranna rialtais agus comhlachtaí tríú leibhéal.

² I gcás go leor eintiteas, d'fhéadfadh ról an choiste iniúchta bainistíocht riosca a chuimsiú agus an Coiste Iniúchta agus Riosca mar theideal air.

- Cérbh iad na tacaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm chun cabhrú le cianobair agus le hobair fhíorúil (m.s. nuashonruithe lámhleabhar na nósanna imeachta airgeadais, feasacháin, oiliúint shonrach)?
- Conas a rinne an bhainistíocht rannpháirtíocht na bhfostaithe a mheas agus a chothabháil (m.s. suirbhéanna foirne rialta, aitheantas tugtha ag ceannairí don diantimpeallacht oibre r, agus cumarsáid agus leideanna maidir le smacht agus le spreagadh a choinneáil)?
- Cé chomh maith agus a ndeachaigh an fhoireann i dtaithe ar an timpeallacht oibre nua (m.s. an cumas chun déileáil le hathruithe teicneolaíochta)?
- Cén chaoi a chinntigh an bhainistíocht go bhfuil an timpeallacht oibre nua éifeachtach maidir le cliseadh nó earráidí rialaithe a chosc agus a bhrath?

Bainistíocht riosca Eintitis

Is príomhuirlis d'eintitis í bainistíocht riosca chun rioscaí suntasacha a aithint agus chun dul i ngleic leo d'fhonn torthaí rathúla a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go dtugann boird agus coistí iniúchta aird ar leith ar bhainistíocht riosca sa timpeallacht nua. Is dóigh go mbeidh machnamh níos minice déanta ar athruithe ar rioscaí agus ar fhoth riosca sa timpeallacht nua de réir mar a athrionn timpeallacht na comhairle sláinte poiblí agus timpeallacht an ghnó.

Tá réimse leathan fachtóirí riosca agus saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus bainistíocht riosca á mheas. Tá roinnt samplaí de na tosca agus na ceisteanna a eascraíonn as an timpeallacht nua leagtha amach thíos.

Athruithe suntasacha ar ghnó nó ar thabhairt isteach seirbhísí nó scéimeanna nua

- An ndearnadh measúnú riosca foriomlán ar na rioscaí atá ann don eintiteas (lena n-áirítear an tionchar ar oibríochtaí gnó-mar-is-gnách agus aon réimsí gnó nua mar shampla scéimeanna deontais nua)?
- An ndearnadh measúnú ar na rioscaí do leordhóthanacht na gcóras, na nósanna imeachta agus d'acmhainneacht (lena n-áirítear TFC) chun freastal ar athruithe ar ghnó, ar éilimh nua nó ar oibríochtaí gnó-mar-is-gnách?
- An ndearnadh measúnú ar cibé an dtagann aon scéimeanna nó seirbhísí nua faoi raon feidhme reachtaíocht an eintitis agus a tharmligean maoinithe (rialtacht)?
- Sa chás go mbraitheann an t-eintiteas ar sholáthraithe seirbhíse le haghaidh príomhghnéithe á ghnó, an bhfuil rioscaí maidir le leanúnachas an tsoláthair nó athruithe ar a rialuithe curtha san áireamh?

Brú suntasach ar bhainistíocht

- An bhfuil aon chásanna ann do sháruithe príomhrialuithe chun gnó-mar-is-gnách a choinneáil?

- An bhfuil réimsí ann ina bhféadfadh an bhainistíocht a bheith níos airdeallaí agus iad ag déanamh maoirseachta agus monatóireachta ar na gnáthaimh ghnó ó lá go lá mar gheall ar bhrúnna?

Rioscaí méadaithe calaoise mar shampla mar gheall ar athruithe sna nósanna imeachta rialaithe, cleachtais nó feasacht foirne

- An ndearnadh measúnú ar an seans atá ann do riosca méadaithe calaoise inmheánaí agus seachtraí (lena n-áirítear caiteachas deontais)?
- An ndearna an bhainistíocht athbhreithniú ar chúinsí aon fhíorchalaoisí nó calaoisí amhrasta a tharla chun na himpleachtaí ar an gcóras ina iomláine a mheas?

Neamhchomhlíonadh dlíthe agus ceanglas eile mar shampla mar gheall ar bhrú ar an eintiteas gealltanais a chomhlíonadh nó brú ó athruithe ar chleachtais

- An ndearnadh measúnú ar rioscaí neamhchomhlíonta maidir le riachtanais dhlíthiúla agus le riachtanais seirbhíse poiblí eile?
- An raibh aon bhrú ann a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar chomhlíonadh soláthair?

Nochtadh dlíthiúil méadaithe

- An ndearnadh measúnú ar an bhféidearthacht go dtiocfaidh méadú ar dhlíthíocht nó ar éilimh?
- An ndearnadh seirbhísí nua a mheas do rioscaí dlíthiúla féideartha mar shampla cruthú oibleagáidí nó gealltanais neamhbheartaithe?

Rioscaí maidir le maoiniú agus le tuairisciú airgeadais

- An ndearnadh measúnú ar an tionchar ar réamhaisnéisí, ar bhuiséid agus ar shreabhadh airgid ar feadh tréimhse iomchuí ama?
- An ndearnadh measúnú ar ghnóthas leantach de réir na gceanglas is infheidhme?³
- Ar tugadh dóthain airde ar bhainistíocht costas agus luach ar airgead i bhfianaise athruithe ar sheirbhísí nó ar oibríochtaí?
- An ndearnadh an poitéinseal do chonarthaí dochracha a mheas?
- An bhfuil gnéithe den tuairisciú airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ina riosca méadaithe amhail nithe a bhfuil meastachán agus breithiúnas ag baint leo agus a d'fhéadfadh níos mó éiginnteachta a bheith i gceist (e.g. rátaí lascaine, luachanna margaidh, in-aisghabhálacht fiacha)?

³ Tá sé leagtha amach sa *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* go bhfuil boird chomhlachtaí Stáit freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasáiochta ábhartha lena n-áirítear an ceanglas iad a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh seachas go bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an t-eintiteas de bheith ann go ceann i bhfad.

- An bhfuil aon ghnéithe den tuairisciú airgeadais bliantúil a d'fhéadfadh a bheith deacair a chur i gcrích (e.g. saineolaithe luachála a fhostú, fardail a chur i gcrích)?
- An ndearnadh aon mhachnamh ar an mbealach ar féidir ábhair shuntasacha a thagann chun cinn a thuairisciú sa Ráiteas Rialachais, sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus sna ráitis airgeadais?

De ghnáth leagfaidh an bhainistíocht amach roinnt beart cóireála riosca a eascróidh as an bpróiseas aitheantais agus measúnaithe riosca. Ba cheart don choiste iniúchta nó fóram iomchuí eile monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na bearta seo a chur i bhfeidhm nó le dul i ngleic leo.

Cabhróidh sé freisin leis an gcoiste iniúchta machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a thug an clár oibre iniúchta inmheánaigh aghaidh ar na hathruithe ar rioscaí atá ann don eintitis.

Cé gur dóigh go ndíreoidh bainistíocht riosca ar an bhféidearthacht atá ann do thorthaí diúltacha is dóigh go mbeidh deiseanna ann d'eintitis sa timpeallacht nua freisin mar shampla nuálaíocht i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí. Cuireann treoir ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí⁴ béim ar a thábhachtaí is atá sé deiseanna a mheas agus muid ag tabhairt faoi shainnithint agus faoi mheasúnú riosca.

Méadú ar riosca na calaoise

B'fhéidir gur bhfuil riosca na calaoise méadaithe de bharr na n-imthosca ina mbíonn go leor eintiteas ag feidhmiú anois. Bhí ar eintitis an bealach ina bhfeidhmíonn siad a athrú go sciobtha, lena n-áirítear athruithe ar rialuithe, agus d'fhéadfadh go gcruthódh gach ceann acu breis deiseanna calaoise.

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh sna rioscaí méadaithe calaoise bainteach leis an bpaindéim

- d'fhéadfadh sé go ndearnadh rialacha soláthair agus bearta frithchalaioise a íosghrádú nó a shárú mar gheall ar bhrúnna nó ar thosaíochtaí eile
- b'fhéidir nach raibh cianobair ná obair fhíorúil san áireamh nuair a bhí rialuithe ar fud na heagraíochta chun calaois agus sárúithe nósanna imeachta a chosc agus a bhrath á gceapadh
- rioscaí cibearshlándála nuair a d'fhéadfadh sé go mbeadh slándáil líonraí i mbaol do chibearionsaí nó do chailteanas airgeadais de bharr chur i bhfeidhm sciobtha na teicneolaíochta nua
- b'fhéidir gur éirigh comhlíonadh na foirne le beartais, rialacha agus le riachtanais rialaithe níos laige. Mar shampla, i gcás go bhfuil baill foirne ag obair go cianda, d'fhéadfaí go gcuirfí iad ar seachrán nó d'fhéadfaí go mbeadh níos lú grinnscrúdaithe agus monatóireachta déanta ar a gcuid gníomhartha. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh brú ar bhainistíocht an leibhéil maoirseachta riachtanach a laghdú.

⁴ Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus d'Oifigí Rialtais <http://govacc.per.gov.ie/>

I measc na gceisteanna a d'fhéadfadh go mbeadh an coiste iniúchta ag iarraidh iad a chur faoi bhráid na bainistíochta nó an iniúchta inmheánaigh maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh riosca calaoise méadaithe ann tá

- An bhfuil cineálacha cianghníomhaíochtaí ann a d'fhéadfadh a bheith ina rioscaí sainiúla calaoise (e.g. fostaithe trádála ciste, an cumas sonraí príomhsoláthraithe nó bainc a athrú gan mhairseacht, baill foirne ag obair ar phatrúin neamhghnácha chun idirbhearta bréagacha a cheilt)?
- An bhfuil deighilt láidir dualgas fós i bhfeidhm (e.g. an ligeann na próisis d'athbhreithneoirí agus do cheadúnaithe malartacha a úsáid i gcás go bhfuil príomhfhostaithe breoite nó nach bhfuil siad in ann nascadh leis an líonra TFC)?
- An bhfuil nósanna imeachta um iniúchadh inmheánach, imscrúdú calaoise agus sceithreacha i bhfeidhm agus iad ag feidmiú go héifeachtach i gcónaí?
- An ndéantar monatóireacht ar ghníomhaíocht ar chianfheistí oibre? Mar shampla, conas a dhéanann an bhainistíocht monatóireacht ar chomhlíonadh na foirne le riachtanais íogaire sonraí agus le beartais úsáide inghlactha i dtimpeallacht chianoibre?
- An bhfuil dearadh na rialuithe monatóireachta ar féidir leo calaoisí a shainathint oiriúnach do thimpeallacht chianoibre nó fhíorúil agus an bhfuil na rialuithe sin ag feidmiú?

Tionchar na n-athruithe ar phríomhnósanna imeachta rialaithe lena n-áirítear rialuithe TFC

I gcás fhoirmhór na n-eintiteas i rith 2020, rinneadh athruithe ar an mbealach a riartar idirbhearta airgeadais agus déantar an phróiseáil go cianda agus gan mhairseacht ar an láthair. Tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi inar oibrigh na hathruithe sin ar phríomhnósanna imeachta rialaithe i dtéarmaí praiticiúla lena chinntiú nach mbeidh méadú ar an mbaol earráide nó calaoise mar thoradh ar na hathbhreithnithe.

I measc samplaí de fhachtóirí riosca rialaithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcomharthaí nach raibh sé éasca rialuithe (lena n-áirítear monatóireacht agus mairseacht ar chórais airgeadais) a oiriúnú do chianobair ná d'obair fhíorúil agus ar an gcaoi sin go raibh na córais airgeadais i mbaol méadaithe earráide nó calaoise tá:

- Oibríochtaí agus rialuithe rinneadh go stairiúil de lámh agus i gcás nach mbeadh ach beagán cumais TFC nó cumas TFC laghdaithe ag an eintiteas chun an t-athrú a bhainistiú
- Athruithe oibríochta agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm go sciobtha iad (e.g. tástáil agus oiliúint foirne neamhleor ar na nósanna imeachta rialaithe nua)
- Cúinsí ina raibh sé deacair ar an eintiteas a chuntais 2019 a ullmhú nó faisnéis a sholáthar chun tacú leis an iniúchadh seachtrach (m.sh. deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis, teastaíonn líon mór doiciméad chun idirbhearta a thacú, deacrachtaí maidir le freagairt go tráthúil ar ghnáthfhaisnéis) .

- Leibhéal ard d'easnamh rialaithe thromchúiseacha sainaitheanta ó athbhreithnithe nó ó iniúchtaí roimhe seo, nó i gcás nár tugadh aghaidh leordhóthanach ar easnamh go tráthúil.

D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas ar athruithe a dhéantar ar ghníomhaíochtaí rialaithe ar leith a bheith úsáideach don bhainistíocht (lena n-áirítear bainistíocht TFC) agus don iniúchadh inmheánach agus na cineálacha saincheisteanna agus dearbhuithe a d'fhéadfaí a chur in iúl don choiste iniúchta á mbreithniú acu.

Údarú agus faomhadh

- Cén tionchar a bhí ag na hathruithe a rinneadh ar chórais agus ar nósanna imeachta ar láidreacht an phróisis údaraithe agus faofa idirbheart (m.s. chun a chinntiú nach n-údaraithear idirbhearta ach amháin nuair atá siad bunaithe ar fhíor-imeachtaí eacnamaíocha; conas a dhéantar/cé a dhéanann caiteachas a bhailíochtú chun a dhearbhu gur le haghaidh cuspóir bailí an caiteachas agus go bhfuarthas na seirbhísí/earraí sonraithe)?
- Ar tháinig athruithe ar an bhfoireann bainteach le húdarú agus le faomhadh idirbheart a bhféadfadh rialuithe lagaithe a bheith acu (e.g. an raibh daoine difriúil i gceist gan na scileanna nó an taithí riachtanach acu, an ndearnadh athruithe a thug leibhéal údaraithe nó faofa míchuí do dhuine)?
- Conas a dhéantar údarú agus faomhadh idirbheart a thaifeadadh i gcórais fhíorúla (e.g. conas a dhéantar aitheantais an údaraí agus an fhaomhaí a thaifeadadh agus a fhíorú; an bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcoinnítear taifead soiléir agus nach féidir údaruithe/faomhadh a fhorscríobh)?
- An bhfuil cosaintí iomchuí i bhfeidhm agus an bhfuil taifid chuí coinnithe maidir le húsáid sínithe digiteacha (m.sh. údarú na foirne sin amháin a fhéadfaidh sínithe digiteacha a úsáid, próiseas chun céannacht an duine a fhíorú, conas a choinnítear rochtain dhaingean ar shiogairlíne eochracha, conas a dhéantar slándáil pasfhocal á chothabháil)?

Imréitigh

- An ndéantar príomh-imréiteachtaí go tráthúil ag daoine atá neamhspleách ar phróiseáil idirbheart?
- An dtugtar aghaidh agus go tráthúil i gceart ar earráidí a aithnítear trí phróisis imréitigh?

Fíoruithe

- Cén tionchar a bhí ag na hathruithe ar nósanna imeachta ar an bpróiseas fíoraithe (e.g. an bhfuil seiceálaí/athbhreithnitheoir ann a fhíoraíonn ionchur na sonraí sa chóras airgeadais, i gcoinne doiciméad foinseach nó fianaise iomchuí)?
- Cén tionchar a bhí ag na hathruithe ar an bpróiseas a chinntíonn nach ndéantar ach idirbhearta a chomhlíonann beartais an eintitis?

- Sa chás go n-íoctar deontais i dtimpeallacht chianoibre, conas a fhóráítear comhlíonadh an deontá le téarmaí agus coinníollacha an deontais?

Athruithe ar rochtain fhisiciúil agus rialuithe slándála

- Cén tionchar a bhí ag na hathruithe ar rochtain fhisiciúil ar shócmhainní agus ar shlándáil sócmhainní?
- Cén tionchar a bhí ag na hathruithe ar choinneáil slán doiciméad atá mar fhianaise ar idirbhearta?

Dualgais a dheighilt

- An raibh aon athruithe ar ról agus ar fhreagrachtaí a bhféadfadh rialuithe deighilte a lagú?

Tá sé tábhachtach freisin gnéithe TFC aon athruithe ar ghníomhaíochtaí rialaithe a mheas i gcomhthéacs bheith ag obair sa timpeallacht nua.

Rialuithe TFC i gcoitinne

- Ar tugadh an infreastruchtúr riachtanach don fhoireann chun go n-oibreodís go sábháilte ón mbaile, lena n-áirítear naisc shlán le líonra an eintitis?
- Má rinneadh athruithe ar fheidhmchláir TFC, conas a chinntigh bainistíocht TFC nach raibh aon tionchair dhiúltacha ar chomhtháthú nó ar fheidhmiú feidhmchlár eile?
- Má rinneadh athruithe ar bhunachair sonraí, conas a chinntigh bainistíocht TFC nach raibh aon nuashonruithe neamhúdaraithé ar fhaisnéis sa bhunachair sonraí?
- Má rinneadh athruithe ar an gcóras oibriúcháin, conas a chinntigh bainistíocht TFC go raibh rochtain úsáideora iomchuí agus nár cruthaíodh aon bhearnaí i slándáil rochtana?
- Conas a chinntigh bainistíocht TFC gur coinníodh slándáil comhad agus líonra?
- Ar cuireadh paistí riachtanacha i bhfeidhm ar fud an líonra go tráthúil agus go comhsheasmhach?
- Conas a rinneadh monatóireacht ar leochaileachtaí nó ar ionraidh sa timpeallacht TFC?

Rialuithe feidhmchlár TFC

- Ar cuireadh cianobair i bhfeidhm sa chaoi is go raibh rochtain ag an bhfoireann ar na feidhmchláir riachtanacha go léir agus go bhféadfaidís na príomhrialaithe go léir a dhéanamh (e.g. má bhí rochtain teoranta ar bhealach éigin i gcomparáid le hobair ar an láthair, an raibh tionchar diúltach aige seo ar rialuithe)?
- Conas a d'fheimhig cothabháil cuntas bainc agus soláthraí/custaiméara (e.g. an ndearnadh aon athruithe a d'fhéadfadh rochtain mhíchuí a thabhairt ar chuntais)?

- Nuair a rinneadh ról a athshannadh d'fhostaithe i rannóg dhifriúil den ghnó, an ndearnadh athbhreithniú ar rochtain ar chórais/ar chuntas úsáideora (e.g. chun sárúithe ar dheighilt dualgas a sheachaint)?
- Ar athraíodh cumraíocht slándála a d'fhéadfadh pribhléidí nó rochtain neamhúdaraíthe a thabhairt don fhoireann ar leibhéal ar cheart na leibhéal sina bheith srianta murach sin?
- Má bhí uasghrádú de dhíth ar fheidhmchláir nó ar an timpeallacht TFC, conas a chinntigh bainistíocht TFC gur cuireadh na hathruithe i bhfeidhm go héifeachtach?

Monatóireacht agus maoirseacht

Is próiseas leanúnach é monatóireacht ar rialuithe inmheánacha atá mar bhonn agus taca le córas éifeachtach rialaithe. Cuimsíonn sé obair an choiste/na gcoistí iniúchta agus bainistíochta riosca, iniúchadh inmheánach, athbhreithnithe bainistíochta agus maoirseachta, athbhreithnithe dearbhaithe eile agus plé leis an iniúchóir seachtrach.

Sa timpeallacht nua is dóigh go mbeidh dúshláin ann maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an próiseas seo mar gheall ar na hathruithe bunúsacha agus sciobtha atá tagtha ar an timpeallacht oibre agus rialuithe, brú ar an eintiteas freastal ar riachtanais ghnó atá ann cheana nó riachtanais nua agus an fhéidearthacht maidir le tionchair dhiúltacha ar bhainistíocht agus ar bhaill foirne. Beidh na ceisteanna seo a leanas i measc na gceisteanna a d'fhéadfadh coiste iniúchta a mheas agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an gcaoi a ndeachaigh na dúshláin agus na brúnna seo i bhfeidhm ar rialuithe an eintitis

- Cén tionchar a bhí ag na dúshláin agus na brúnna ar thimpeallacht rialaithe an eintitis?
- Cé chomh héifeachtach agus a bhí na gníomhartha láimhseála riosca maidir leis na príomhrioscaí a aithníodh a mhaolú?
- Cad iad na dearbhuithe atá ann maidir le héifeachtacht aon athruithe ar oibriú rialuithe?
- Cad iad na dearbhuithe atá ann maidir le hoibriú éifeachtach rialuithe slándála líonra agus rialuithe cibearshlándála?
- An raibh aon sárúithe nó easnaimh shuntasacha i rialuithe, lena n-áirítear cinn a d'eascair as fhíorchalaois nó as calaois amhrasta, agus ar tugadh aghaidh orthu i gceart? An ndearnadh measúnú ar chlistí den sórt sin d'fhonn féachaint an bhféadfaidís fadhbanna níos forleithne a léiriú?
- An bhfuil aon cheisteanna ann a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar na ráitis airgeadais?
- Cad iad na ceachtanna is féidir a fhoghlaim ar an gcaoi ar bhainistigh an t-eintiteas dúshláin na timpeallachta nua?
- Conas a d'fhéadfaí na saincheisteanna agus na hathruithe suntasacha ar na córais rialaithe a thuairisciú sa Ráiteas bliantúil ar Rialú Inmheánach?

Ag plé leis an iniúchóir seachtrach

Is é príomhchúram an iniúchóra sheachtraigh an riosca go bhféadfaí na ráitis airgeadais a mhíshonrú go hábhartha cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid. Chun rioscaí iniúchta airgeadais a mheas, beidh fonn ar an iniúchóir tionchar na paindéime ar an eintiteas agus ar a thimpeallacht ghnó a thuiscint. Mar chuid den phróiseas seo, féachfaidh an t-iniúchóir le tuiscint a fháil ar rialuithe inmheánacha atá ábhartha don iniúchadh, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag athruithe a rinne an t-eintiteas ar éifeachtacht na rialuithe. Déantar é seo chun na nósanna imeachta atá le déanamh mar chuid den iniúchadh a dhearadh agus a chur in oiriúint.

Ceanglaítear ar an iniúchóir seachtrach freisin an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC) a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus a

- dhéanann cur síos ar na gnéithe éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gur fíor go bhfuil athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe curtha i gcrích
- dhearbhaíonn go gcomhlíonadh rialacha soláthair
- dhéanann cur síos ar shaincheisteannta suntasacha rialaithe inmheánaigh (más ann dóibh) nó dearbhaíonn sé nár aithníodh laigí den sórt sin ar gá iad a nochtadh.

Táthar ag súil, i bhfianaise na n-athruithe suntasacha de bharr na paindéime, go dtabharfaidh an SIC aghaidh ar an gcaoi ar dhéileáil an t-eintiteas leis na dúshláin a bhaineann le rialuithe inmheánacha éifeachtacha a chothabháil.

Breithníonn an t-iniúchóir seachtrach an bhfuil na nochtuithe sa SIC comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais agus leis an eolas a fhaightear ón iniúchadh airgeadais a dhéanamh. I gcás go bhfuil na nochtuithe míthreorach nó mura gcomhlíonann siad na ceanglas rialachais chorparáidigh is infheidhme, cuirfidh an t-iniúchóir é seo in iúl don eintiteas ar an gcéad dul síos sula ndéanfaidh sé machnamh ar na bearta breise is féidir a dhéanamh.

Ní thugann an t-iniúchóir seachtrach aon dearbhú maidir le leordhóthanacht na socruithe rialachais ata curtha i bhfeidhm ag an eintiteas, ná ní thugann an t-iniúchóir tuairim ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an eintitis ná a nósanna imeachta riosca agus rialaithe.⁵

Athróidh na cineálacha nósanna imeachta agus leibhéal na hidirghníomhaíochta idir an t-iniúchóir seachtrach agus coiste bainistíochta agus iniúchta an eintitis de réir

⁵ Tá tuilleadh faisnéise maidir le freagrachtaí an iniúchóra as athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhfuil ceanglas ar eintiteas í a fhoilsiú faoi na rialacha rialachais chorparáidigh is infheidhme ar fáil <https://www.audit.gov.ie/ga/Fúinn Ár gCuid Oibre Cóid Rialachais agus Nochtadh Gaolmhar>

chastacht, mhéid agus rioscaí an eintitis. I measc cuid de na gnáthnósanna imeachta ar dóigh go ndéanfaidh an t-iniúcháir a dhéanamh tá an méid seo a leanas

- na stiúrthóirí nó na hoifigigh shinsearacha a fhiosrú chun tuiscint a fháil ar shainphróiseas an bhoird nó na bainistíochta maidir lena (h)athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh
- doiciméid ábhartha a scrúdú, lena n-áirítear miontuairiscí bainistíochta nó boird agus aon ábhar eile ullmhaithe ag na bainisteoirí nó na stiúrthóirí nó ar a son maidir le nochtadh a dhéantar sa SIC
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise chun tacú leis na nochtuithe a dhéantar maidir le sholáthar
- measúnú a thabhairt ar cibé an dtugann an fhianaise a scrúdaíodh tacaíocht iontaofa do na nochtuithe a rinneadh nó nach dtugann
- iarraidh sé orthu siúd atá freagrach as rialachas dearbhú i scríbhinn a thabhairt maidir le léiriúcháin ó bhéal a rinneadh le linn an athbhreithnithe
- breithniú a dhéanamh ar an bhfuil an fhaisnéis atá sa SIC comhsheasmhach le heolas an iniúcháir a fuarthas le linn an iniúchta ar na ráitis airgeadais.

I bhfianaise na n-athruithe a tharla de bharr na paindéime, beidh suim ar leith ag an iniúcháir sa chaoi a thug coistí bainistíochta agus iniúchta aghaidh ar na dúshláin agus ar na rioscaí don eintiteas sa timpeallacht nua. Is díol spéise don iniúcháir na freagraí ar go leor de na ceisteanna agus na saincheisteanna a leagtar amach sa treoir seo.

Sa chás go n-aithníonn an t-iniúcháir easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach le linn an iniúchta cuirfear iad sin in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as rialachas. I measc na n-easnamh suntasach tá na cinn a bhféadfadh cailteanas ábhartha nó neamhchomhlíonadh rialacha a bheith mar thoradh orthu, i dtuairim an iniúcháir. Dá bhrí sin, ní fhanann an t-iniúcháir go dtí go mbeidh iniúchadh an ráitis airgeadais críochnaithe sula ndéantar na heasnaimh sin a thuairisciú. Ar an mbealach seo, cuirtear an bhainistíocht nó na stiúrthóirí ar an eolas faoi na heasnaimh a d'aithin an t-iniúcháir agus tá siad in ann iad a chur san áireamh agus an SIC á ullmhú acu.